

TORADH NA PAISE.

Eirigí na suidhe agus bígí na seasamh
'S dócha go ndearna sibh codladh fada
Siúd iad na sluaigh deamhain a tseachtmhain
Lúdas rúthab 'gus ní le maith é
Rug sé ar láimh ar Rí na bhFlathas
go dtug sé póg dhó nidh, nar chleacht sé
A lúdáis, A lúdáis is sin í an phóg bhradach
Thug tú dom-sa nidh nar chleacht tú
Ní airgead ná ór a fuair tú le sgaipeadh
Ach lofrann sioruidhe go buan mar leabaidh.
Thugadar leóthab ansoin é go dtí na suidheachan
Go dtugadar air gach breith dhá dhaoire
Sgiúrseáil nomhaideach a thug siad do íosa
Sgiúrsáil gheanadach i ndeire na hoidhche
Séurd deireach duine acab níl sé claidhte
Ach seo dhuit mo laisg sa go leighfhidh mé mo sgíthe
bhfuil tart ort-sa anois a dhuine uasail
Té bheadh i mo chruith go bé dial na truagh é.
Thugadar aige cabharnan luaidhe
domlas dragúin 's uim air suaidhte
leag sé fios na croiche anuas air.
'S rinne sé fion bhreagh fuláin fuar de
Cé hí an bhean bhreagh sin anál thríd a bhfásach
má tá bean a bith ann sí mo mháthair.
Cé hé an fear beragh údáin adeir sise i gcrann na páise
bhfuil a mhúinéal briste 's é mílte gearrtha
Tuige nach naithnigheann tú do mhac a mhathair
Is liachtuigh lá bhí láimh in do bhrollach am 's mé diúl do ciach.

Nuair a fuair na lúdaí amach go b'ád í a mháthair

Chrochadar suas ar guailibh árda í

Nú gur bhuaileadar anuas ar leacracaí na háite í

–Ó chón & Ó chón Ó

Teirigh a Pheadair agus feach cé'n sórt deóracha a tá anois le mo mháthair

Deórachaí dearga atá anois le do mhathair

–Ó chon agus o Chon Ó.

Teirigh aríst a Pheadair agus feic cé'n sórt deorachaí atá anois le mo mháthair

Deorachaí ruadh atá anois le do mhathair

Ó chon agus Ó chon Ó

Teirigh aríst a Pheadair agus feic cé sórt deorachaí atá anois le mo mhathair

Deorachaí glasa atá anois le do mhathair

Fagaim-se iad sin arist leis a saoghal ádhain

Ó Chon agus Ó chón Ó

Gabh leith a thrí Mhuire nú go gcaoinfidh sibh mo ghrá liom

Céurd a chaoinfheas muid mar a gcaoinfhidh muid a crámha

-Ó chón agus ó chón ó

Caoinfear fós mise in Oileán Pháraic

Caoinfidh na sagairt mé agus caoinfidh na bráithre

Agus na mná beaga eile bhíons a siubhal amach na sraide

-ó chón agus ó chón ó

Níl aon duine a shilfheas deoir ar son mo pháise

nach bhfaigh sé féin a chuid dhe na grásta

ó chón agus ó chón ó

29/11/31.